Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7248/23**

**COPS 122**
**CFSP/PESC 410**
**DEVGEN 56**
**CONUN 78**
**ENER 110**
**CLIMA 118**
**SUSTDEV 41**
**ENV 220**
**ONU 21**
**RELEX 324**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6233/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 9 Márta 2023.

**IARSCRÍBHINN**

## Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh

***'Taidhleoireacht aeráide agus fuinnimh an Aontais a neartú i ndeacáid chriticiúil'***

1. Is bagairt dhomhanda eiseach iad iarmhairtí ghéarchéim thriarach phláinéadach an athraithe aeráide, na cailliúna bithéagsúlachta agus an truaillithe agus déantar difear go háirithe do na daoine is leochailí amuigh, cuirtear leis an mbochtaineacht agus leis an neamhionannas agus déantar difear don chobhsaíocht. Dá réir sin, is croíchuid de bheartas eachtrach an Aontais í Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh an Aontais. Tá rún daingean ag an Aontas dul i dteagmháil le comhpháirtithe ar fud an domhain agus oibriú leo trínár dtaidhleoireacht aeráide agus fuinnimh: Comhaontú Pháras a chur chun feidhme; an méadú ar an teocht dhomhanda a theorannú go 1.5 °C i gcomparáid leis na leibhéil réamhthionsclaíocha; tacú leo siúd is leochailí, go háirithe sna tíortha is lú forbairt agus i Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, agus iad ag oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide; agus an maoiniú comhchoiteann don troid i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú. Ina theannta sin leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'aistrithe córa ionsar gheilleagair agus shochaithe atá aeráidneodrach agus athléimneach, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa maidir le maoiniú don fhorbairt. Sa chomhthéacs sin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cur chuige láidir iltaobhach riailbhunaithe, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar na dúshláin dhomhanda sin.

2. Mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, atá neamhdhleathach, gan chúis gan údar, agus a sháraíonn Cairt na Náisiún Aontaithe go follasach, tá fulaingt dhaonnúil as cuimse, damáiste ollmhór don chomhshaol agus rioscaí méadaithe don tsábháilteacht núicléach san Úcráin. Mar thoradh ar an gcogadh sin, tá géarchéim slándála fuinnimh agus bia ann a bhfuil tionchair dhomhanda aici. Diúltaíonn an Chomhairle don úsáid atá á baint as fuinneamh agus bia mar uirlis troda. Cuirfidh an tAontas deireadh de réir a chéile lena spleáchas ar allmhairí gáis, ola agus guail ón Rúis a luaithe is féidir. Tá an tAontas lántiomanta leanúint de thacaíocht a thabhairt do na comhpháirtithe agus go háirithe don Úcráin, lena n-áirítear maidir le freagairt ar an scriosadh córasach atá á dhéanamh ag an Rúis ar bhonneagar criticiúil na hÚcráine, agus go háirithe ar an gcóras fuinnimh. Rannchuideoidh an tAontas le riachtanais téarnaimh agus athléimneachta na hÚcráine agus cuideoidh sé lena haistriú fadtéarmach eacnamaíoch agus fuinnimh. Más féidir atógáil na hÚcráine a ghlasú, rachaidh sin chun tairbhe do chách agus beidh sé ar cheann de na bunchlocha lena ndéanfar comhtháthú níos dlúithe leis an Aontas Eorpach.

3. I bhfianaise thorthaí an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC), cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go n-éilítear, leis an ngéarchéim aeráide, gníomhaíocht láithreach práinneach luathaithe agus uaillmhian neartaithe. Is í an ghníomhaíocht mhaolúcháin láidir uaillmhianach an uirlis is fearr chun riachtanais oiriúnúcháin mhéadaithe, chomh maith le caillteanas agus damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, a chosc. Tá réitigh ar fáil i ngach earnáil lenarbh fhéidir, dá ndéanfaí le chéile iad, na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sa domhan a laghdú faoina leath ar a laghad faoi 2030, mar atá léirithe ag IPCC. Molann an Chomhairle do na comhpháirtithe na deiseanna sin a thapú, chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus poist a chruthú.

4. Trí uaillmhianta comhchoiteanna glan-nialasacha an domhain a chur i bhfeidhm, d'fhéadfaí an t-ardú teochta a laghdú go suntasach, ach ní leor na beartais agus na hinfheistíochtaí iarbhír fós chun fanacht go sábháilte laistigh de sprioc theochta Pháras. Dá ndéanfaí an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C, laghdófaí go mór tionchair an athraithe aeráide. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí gníomhaíocht dhomhanda mhéadaithe agus go mbeadh uaillmhian dhomhanda mhéadaithe ann sna deich mbliana ríthábhachtacha seo, i gcomhréir leis na hanailísí IPCC: chun an téamh a theorannú thart ar 1.5 C, ní mór buaicphointe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda a bheith bainte amach faoi 2025 ar a dhéanaí, agus iad a laghdú 43 % faoi 2030 i gcomparáid le 2019. I gcás meatáin, ní mór iarrachtaí comhchoiteanna a dhéanamh chun astaíochtaí meatáin domhanda a laghdú 30 % ar a laghad faoi 2030 le hais na leibhéal a bhí ann in 2020.

5. Iarrann an Chomhairle ar gach tír, agus go háirithe ar na mór-astaitheoirí uile agus ar chomhaltaí G20, dlús a chur lena n-iarrachtaí beartais aeráide agus fuinnimh a bheidh uaillmhianach agus comhoiriúnach leis an sprioc 1.5 °C a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar na tíortha uile, go háirithe na tíortha nach bhfuil sin déanta acu go fóill, a Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (NDCanna), bídís nua nó nuashonraithe, a thíolacadh a luaithe is féidir in 2023 agus i bhfad roimh COP28, lena ngabhfaidh dearbhspriocanna laghdaithe astaíochtaí uilegheilleagair atá níos láidre, níos uaillmhianaí agus níos dearfaí. Ba cheart beartais agus bearta nithiúla a bheith mar bhonn taca leo sin chun iad a chur chun feidhme. Tá an tAontas tiomanta do Chlár Oibre uaillmhianach um Maolú a chur i bhfeidhm go pras, ar ionstraim thábhachtach é sin chun uaillmhian agus cur chun feidhme an mhaolaithe a mhéadú go práinneach le linn na ndeich mbliana ríthábhachtacha seo chun beartais láidre a chur chun cinn agus féachaint conas is féidir leis na hearnálacha éagsúla agus le haistriú cóir fuinnimh rannchuidiú le gníomhaíocht uaillmhianach ar son na haeráide agus le feabhas a chur ar ghealltanais. Iarrann an Chomhairle freisin ar thíortha teachtaireachtaí maidir le hOiriúnú a chur i láthair a luaithe is féidir agus a straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le híseal-astaíochtaí gás ceaptha teasa (LT-LEDS) a thíolacadh nó a nuashonrú chun glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Molann an tAontas go ndéanfaí laghduithe astaíochtaí níos uaillmhianaí i ngach earnáil, agus is díol sásaimh dó na gealltanais atá á dtabhairt ag earnálacha amhail earnáil an iompair, lena n-áirítear earnálacha na loingseoireachta agus na heitlíochta.

6. I mbliana, tá deis ar leith ag an domhan an dul chun cinn a thaispeáint agus a léiriú agus tuilleadh treorach a chur ar fáil don chéad ghlúin eile de NDCanna agus dul ar an mbóthar ceart chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, go háirithe tríd an gCruinniú Mullaigh maidir leis an Uaillmhian Aeráide, in éineacht leis an dara Cruinniú Mullaigh faoi SDGanna a thionóil Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair agus an chéim pholaitiúil den 'Athbhreithniú Domhanda' ag COP28 UNFCCC a thionólfar in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Aontas an tuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal 'Ár gComhchlár Oibre' agus an cruinniú mullaigh atá fógartha, is é sin Cruinniú Mullaigh na Todhchaí, atá beartaithe do 2024, mar dhreasachtaí chun tuilleadh gníomhaíochta domhanda a spreagadh trí chur chuige iltaobhach a bheidh cuimsitheach éifeachtach.

7. Tá gníomhaíocht dhiongbháilte chinntitheach á déanamh ag an Aontas féin chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990, chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus chun díriú ar astaíochtaí diúltacha ina dhiaidh sin. Tá an Chomhairle faoi réir, mar a luadh i gConclúidí ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2022, a luaithe is féidir, tar éis an chaibidlíocht ar bhuneilimintí an phacáiste 'FitFor55' a thabhairt i gcrích, chun nuashonrú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar NDC an Aontais agus na mBallstát, i gcomhréir le § 29 de Chomhshocrú Aeráide Ghlaschú agus §23 de Phlean Cur Chun Feidhme Sharm el-Sheikh chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar, leis an toradh deiridh maidir le heilimintí bunriachtanacha an phacáiste 'FitFor55', príomhsprioc an Aontais, mar a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach i mí na Nollag 2020 í, a chur chun feidhme. Leagfaidh an tAontas síos a sprioc aeráide i gcomhréir leis an Dlí Aeráide Eorpach. Chuige sin, laistigh de 6 mhí ar a dhéanaí ón gcéad Athbhreithniú Domhanda, tíolacfaidh an Coimisiún togra reachtach, de réir mar is iomchuí, bunaithe ar mheasúnú tionchair mionsonraithe. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, in éineacht le Ballstáit an Aontais trínár dtaidhleoireacht aeráide, a iarraidh ar gach tír eile uaillmhianta arda a leagan síos freisin a luaithe is féidir don chéad bhabhta eile de na NDCanna tar éis 2030, i bhfad roimh COP30 in 2025. Agus Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais ina bhunchuid de fhreagairt bheartais an Aontais, molann an tAontas do na comhpháirtithe a n-ionstraimí praghsála carbóin féin a bhunú agus a leathnú chun astaíochtaí a laghdú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis go láidir a ríthábhachtaí atá sé bearta oiriúnaithe agus athléimneachta a neartú ar fud an domhain agus a phráinní atá sé dlús a chur leis an ngníomhaíocht agus leis an tacaíocht chun caillteanas agus damáiste a bhaineann le tionchair an athraithe aeráide a sheachaint agus a íoslaghdú agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá an phleanáil oiriúnaithe náisiúnta agus áitiúil, chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach faoi stiúir áitiúil, agus a thábhachtaí atá sé an Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an Chomhairle le hoibríochtú iomlán éifeachtach Líonra Santiago, le cur chun feidhme Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste agus an t-athbhreithniú meántéarma a ghabhann leis a dhéanfar in 2023 agus le cur chun feidhme éifeachtach na bpleananna oiriúnaithe náisiúnta.

9. Dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas tiomanta tacú leo siúd is leochailí, go háirithe sna tíortha is lú forbairt agus i stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, agus an líonra d'institiúidí atá ann cheana a chuireann cúnamh agus fothú acmhainní ar fáil faoi láthair do thíortha i mbéal forbartha a threisiú agus iad ag ullmhú do thionchair aeráide agus ag freagairt ar na tionchair sin. Den mheon sin, leagann an tAontas agus a Bhallstáit béim ar an iarraidh ó COP 26 i nGlaschú go ndéanfaí maoiniú comhchoiteann dúbailte ar a laghad a sholáthar le haghaidh oiriúnú do thíortha i mbéal forbartha faoi 2025, i gcomparáid le leibhéil 2019.

10. Iarrann an Chomhairle ar an Aontas agus ar na Ballstáit maoiniú a mhéadú don oiriúnú agus don athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus béim á leagan ar na daoine is leochailí trí thionscnaimh chomhpháirteacha de chuid Fhoireann na hEorpa agus trí ionstraimí idirnáisiúnta eile amhail an Sciath Dhomhanda i gcoinne Rioscaí Aeráide de chuid V20/G7. Tacaíonn an tAontas go láidir le hArdrúnaí na Náisiún Aontaithe agus é ag iarraidh go mba ann, laistigh de na cúig bliana amach romhainn, do chumhdach uilíoch ar chórais luathrabhaidh sábhála beatha, lena n-áirítear trí thacaíocht mhéadaithe a thabhairt don Tionscnamh i ndáil le Rioscaí Aeráide agus Córais Luathrabhaidh agus tríd an tSaoráid Mhaoiniúcháin um Fhaireachán Córasach.

11. Iarrann an Chomhairle ar an Aontas agus ar na Ballstáit páirt chuiditheach a ghlacadh sa phlé maidir le socruithe nua cistiúcháin, lena n-áirítear ciste chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha atá an-leochaileach, chun freagairt ar chaillteanas agus damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. Iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe uile, ó na réigiúin uile, a bheidh in ann é sin a dhéanamh agus lasmuigh de bhonn traidisiúnta sholáthraithe an mhaoinithe don fhorbairt, a dtacaíocht a leathnú agus foinsí nua cistiúcháin a shainaithint freisin, lena n-áirítear foinsí nuálacha, trí chomhlántacht, sineirgí, comhleanúnachas agus comhordú a fheabhsú, agus trí bheith ag iarraidh na mbearnaí i mósáic reatha na réiteach agus na n-institiúidí a chomhlánú agus féachaint leis na bearnaí sin a líonadh.

12. I bhfianaise na n-idirthuilleamaíochtaí intreacha idir an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú talún lena n-áirítear gaineamhlú agus athruithe ar thimthriall an uisce, iarrann an Chomhairle ar an Aontas agus ar na Ballstáit cistiú a mhéadú le haghaidh réitigh agus comhpháirtíochtaí bithéagsúlachta agus dúlra-bhunaithe. Aithníonn an Chomhairle ról ríthábhachtach na n-aigéan, an fheidhm 'carbón gorm' atá acu agus an riachtanas ríthábhachtach atá ann éiceachórais talún a chosaint, a chaomhnú agus a athbhunú, lena n-áirítear foraoisí chomh maith le héiceachórais uisce intíre agus cósta maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú, oiriúnú dóibh agus athléimneacht ina gcoinne a chothú. Aithníonn an Chomhairle freisin gur gá cur chuige cuimsitheach a ghlacadh maidir le dúshláin a bhaineann le huisce, agus is díol sásaimh di Comhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe. Admhaíonn an Chomhairle nach mór gníomhaíocht fheabhsaithe a dhéanamh maidir le huisce agus tá sí tiomanta an Clár Oibre Gníomhaíochta Uisce, atá ar na bacáin, a bhrú chun cinn, mar chuid dá Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh. Thairis sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le truailliú plaisteach. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an oidhreacht chultúrtha a chosaint ar éifeachtaí tubaisteacha an athraithe aeráide agus eachtraí adhaimsire.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle Creat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montreal, an comhaontú stairiúil a glacadh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (an 15ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht COP15) ar creat é le haghaidh na gníomhaíochta domhanda maidir leis an mbithéagsúlacht uaidh seo go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin, agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme go héifeachtach é, lena n-áirítear trí straitéisí agus pleananna gníomhaíochta ardcháilíochta náisiúnta bithéagsúlachta (NBSAP) a thíolacadh go luath, in am le go mbreithneofar iad ag COP16 CBD. In éineacht le Comhaontú Pháras, réitíonn an creat sin an bealach i dtreo domhan atá aeráidneodrach, atá dúlra-dhearfach agus athléimneach faoi 2050.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle an gealltanas maoiniú seachtrach an Aontais a dhúbailt go €7 mbilliún don tréimhse 2021-2027 le haghaidh na bithéagsúlachta, go háirithe do na tíortha is leochailí, chomh maith le gealltanais chomhchosúla a thug roinnt Ballstát de chuid an Aontais roimh COP15 agus ag CBD COP15 ach aithníonn sí ag an am céanna go bhfuil gá le cistiú agus infheistíochtaí suntasacha breise ó gach tír agus ó gach foinse, agus gur gá freisin infheistíochtaí a sheachaint a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar an mbithéagsúlacht agus ar an dúlra.

15. Is é an tAontas – a Bhallstáit agus an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) san áireamh – an ranníocóir is mó de mhaoiniú poiblí don aeráid ar fud an domhain, agus tá sé lántiomanta rannchuidiú leis an sprioc chomhchoiteann USD 100 billiún a bhaint amach a luaithe is féidir agus idir seo agus go dtí 2025 chun tacú le gníomhaíocht ar son na haeráide i dtíortha i mbéal forbartha agus iarrann an tAontas ar dheontóirí eile dlús a chur lena n-iarrachtaí i ndáil leis sin. Is príomhionstraimí iad straitéis Thairseach Dhomhanda an Aontais agus cur chuige Fhoireann na hEorpa chun infheistíochtaí inbhuanaithe a áirithiú i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais.

16. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a phráinní atá sé sreabha airgeadais a dhéanamh comhoiriúnach le spriocanna Chomhaontú Pháras, i bhfad níos mó maoiniú don athrú aeráide a shlógadh ar fud an domhain, maoiniú inbhuanaithe a mhéadú i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, agus tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil go háirithe dóibh siúd is boichte agus is leochailí sna tíortha is lú forbartha agus i stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur le slógadh an mhaoinithe phríobháidigh do thionscadail maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, do bhonneagar atá aeráid-díonach agus do ghníomhaíochtaí forbartha eile agus d'earraí poiblí domhanda. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá aireachtaí airgeadais a bheith rannpháirteach san obair sin, lena n-áirítear trí Chomhghuaillíocht na nAirí Airgeadais um Ghníomhú ar son na hAeráide, chun dlús a chur leis na haistrithe glasa agus d'fhonn acmhainní airgeadais a shlógadh go forleathan i gcomhréir le spriocanna Pháras. Déanfaidh an Chomhairle a dícheall lena áirithiú go mbeidh spás tiomnaithe ann chun plé a dhéanamh ar ailíniú na sreabha airgeadais, a bheidh ag teacht le conairí forbartha aeráidneodrachta agus aeráid-díonachta, lena n-áirítear ag COP28 in Dubai. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair leanúnach atá á déanamh ag an sainghrúpa ardleibhéil maidir le maoiniú inbhuanaithe a mhéadú i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim chun an ghné sheachtrach den Chomhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme agus chun an Treochlár don Airgeadas Ciorclach a fhorbairt.

17. Maidir leis an sprioc chomhchoiteann maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach rochtain a fheabhsú ar mhaoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí aeráide agus na costais mhaoiniúcháin a laghdú le haghaidh tionscadail maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin sna tíortha is leochailí ó thaobh an athraithe aeráide de, agus an t-ualach fiachais atá orthu á chur san áireamh. Is díol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, gur iarradh ar gheallsealbhóirí uile na mBanc Forbartha Iltaobhach (MDBanna), ag COP27 in Sharm El-Sheikh, agus ar gheallsealbhóirí na nInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais (IFInna) athchóiriú a dhéanamh ar chleachtais agus tosaíochtaí na MDBanna agus gach sreabh airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach le conairí forbartha atá aeráidneodrach agus aeráid-díonach agus iarrann sí go mbeadh creat ama soiléir ann. Molann an Chomhairle do MDBanna freisin an saineolas teicniúil a chuireann siad ar fáil do thíortha i mbéal forbartha a neartú chun tionscadail aistrithe fuinnimh, mar shampla, a mheallfaidh infheisteoirí príobháideacha intíre agus eachtrannacha, a mhionsaothrú.

18. Is díol sásaimh don Chomhairle na moltaí ó Athbhreithniú Neamhspleách Phainéal Saineolaithe G20 ar Chreataí Leordhóthanachta Caipitil MDB agus tacaíonn sí lena gcur chun feidhme pras. Iarrann an Chomhairle ar MDBanna na moltaí is infheidhme a chur chun feidhme, tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar a n-impleachtaí, gan stádas creidiúnaithe tosaíochta, rátálacha creidmheasa arda ná cobhsaíocht airgeadais fhadtéarmach na MDBanna a chur i mbaol. Comhordóidh ionadaithe an Aontais agus na mBallstát, mar chomhaltaí de Bhoird MDBanna agus IFInna, chun tograí uaillmhianacha a spreagadh agus chun tacú leo straitéisí MDBanna agus IFInna a ailíniú a thuilleadh le spriocanna Chomhaontú Pháras agus chun maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú go suntasach agus is díol sásaimh dóibh uaillmhian an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) i ndáil leis sin. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an bplé ar na hábhair sin, lena n-áirítear ar Threochlár Éabhlóid an Bhainc Dhomhanda, ag Cruinniú an Earraigh agus Cruinniú Bliantúil 2023 CAI agus an Bhainc Dhomhanda agus beidh sí rannpháirteach ar bhealach cuiditheach d’fhonn a áirithiú go mbeidh ionchur dearfach ag na díospóireachtaí chun tuilleadh plé a dhéanamh, lena n-áirítear ag COP28 in Dubai. Tacaíonn an Chomhairle freisin le ról CAI chun cabhrú lena chomhaltaí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha bheartais a bhaineann leis an aeráid agus is díol sásaimh di go ndearnadh breithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú i saoráidí iasachtaithe CAI atá ann cheana tríd an Iontaobhas Athléimneachta agus Inbhuanaitheachta.

19. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an gCruinniú Mullaigh ‘An Comhshocrú um Maoiniú Domhanda’ i bPáras i mí an Mheithimh 2023, ar cheart dó díriú ar níos mó maoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide a shlógadh agus foinsí nua airgeadais a chur ar fáil do thíortha atá leochaileach ó thaobh na haeráide de trí fheabhas a chur ar dhálaí infheistíochta, i measc nithe eile.

20. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de chomhar a mhéadú agus de bheith ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus eagraíochtaí uaillmhianacha maidir leis an aistriú cóir domhanda i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. Is díol sásaimh don Chomhairle Comhpháirtíochtaí um Aistriú Fuinnimh Cóir (JETP) leis an Afraic Theas, leis an Indinéis agus le Vítneam, i gcomhthéacs G7, agus tá sí tiomanta dá n-oibríochtú. Tacaíonn an Chomhairle freisin leis an obair leanúnach ar JETPanna eile. Tá an Chomhairle ag súil le rannpháirtíocht láidir ó na tíortha comhpháirtíochta uile lena mbaineann, rannpháirtíocht atá riachtanach le haghaidh claochlú faoi stiúir na tíre féin. De bhreis ar JETPanna, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tógáil ar thionscnaimh leanúnacha agus féachaint ar na deiseanna atá ann do chomhar méadaithe le tíortha atá ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, go háirithe gual agus go háirithe sna Balcáin Thiar, i gComharsanacht an Oirthir agus i gComharsanacht an Deiscirt agus le tíortha i mbéal forbartha agus le tíortha meánioncaim a bhfuil astaíochtaí arda a bhaineann le fuinneamh acu.

21. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil rioscaí ann don tslándáil dhaonna, don tslándáil stáit agus don tslándáil réigiúnach, riosca atá ag dul i méid mar gheall ar an athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, gaineamhlú, truailliú agus díghrádú comhshaoil agus go bhféadfadh sé go gcuirfeadh na rioscaí sin le spreagthaí agus dinimicí coinbhleachta, chomh maith le gnéithe leochaileachta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a díograis taidhleoireachta i dtaca le cúrsaí uisce ionas go bhfeidhmeoidh sé mar uirlis ar son na síochána, na slándála, agus na cobhsaíochta. Aithníonn an Chomhairle freisin an bhearna shuntasach sa mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide atá ar fáil do Stáit leochaileacha agus do Stáit atá buailte ag coinbhleacht. Is díol sásaimh di Tuarascáil Chomhpháirteach 2020-2022 ar Dhul Chun Cinn maidir leis an Treochlár don Athrú Aeráide agus don Chosaint agus an Coincheap maidir le Cur Chuige Comhtháite i leith na hAeráide agus na Slándála agus meabhraítear di Conclúidí ón gComhairle mhí na Samhna 2022 maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an nasc idir an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil a chomhtháthú i mbeartas seachtrach agus i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais, lena n-áirítear in anailísí, próisis chuimsitheacha maidir le haeráid agus le laghdú rioscaí tubaiste agus réamhghníomhaíocht, cothú na síochána, idirghabháil, cosc coinbhleachtaí, comhar um fhorbairt, maoiniú don aeráid agus taidhleoireacht aeráide lena n-áirítear dobharthaidhleoireacht thiomnaithe. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí acmhainneachtaí anailíseacha, luathrabhaidh agus fadbhreathnaitheachta straitéisí an Aontais a neartú, an nasc idir an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil a phríomhshruthú, agus rabhadh agus anailís thráthúil a eisiúint maidir le rioscaí a bhaineann leis an aeráid.

22. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an Ardionadaí agus ag an gCoimisiún togra comhpháirteach a thíolacadh chun cur ar chumas an Aontais impleachtaí cuimsitheacha slándála agus cosanta an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil a chosc agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an comhar méadaithe le heagraíochta idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile ar nós na Náisiúin Aontaithe, ECAT, ESCE agus an tAontas Afracach, agus le tíortha comhpháirtíochta i gcomhréir le creat institiúideach an Aontais agus uathriail chinnteoireachta an Aontais á urramú go hiomlán, agus molann sí an comhar méadaithe sin.

23. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gurb é príomhsprioc bheartas seachtrach fuinnimh an Aontais tacú leis an aistriú fuinnimh domhanda leanúnach, é a threisiú agus dlús a chur leis mar ghné ríthábhachtach chun aeráidneodracht a bhaint amach. Is é aistriú fuinnimh luathaithe, cuimsitheach agus cóir an príomhréiteach freisin lena n-áirithítear slándáil fuinnimh agus rochtain uilíoch ar fhuinneamh sábháilte inbhuanaithe inacmhainne san Aontas agus inár dtíortha comhpháirtíochta ar fud an domhain agus lena laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa ag an am céanna.

24. Admhaíonn an Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal *EU external energy engagement in a changing world* [Rannpháirtíocht an Aontais i réimse an fhuinnimh sheachtraigh i ndomhan atá ag athrú] mar ghné ríthábhachtach de phlean 'REPowerEU' a mhol an Coimisiún, mar fhreagairt ar an ngéarchéim fuinnimh a tharla go príomha mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus an úsáid a bhaineann an Rúis as an bhfuinneamh mar uirlis troda i gcoinne an Aontais agus na dtíortha comhpháirtíochta. Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de theorainn a chur leis an tionchar atá ag cogadh foghach na Rúise ar shlándáil fuinnimh agus ar inacmhainneacht an fhuinnimh i dtríú tíortha, go háirithe na tíortha is leochailí.

25. Le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais, tacófar go gníomhach le cur chun feidhme na smachtbhannaí ábhartha agus le leathadh amach shásra na caidhpe praghais maidir le táirgí ola agus peitriliam na Rúise.

26. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, for-rochtain, comhordú agus comhpháirtíochtaí le tríú tíortha a threisiú i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach thíos. Ba cheart do chomhpháirtíochtaí nua fuinnimh an comhar fuinnimh atá ann cheana leis na príomh-chomhpháirtithe a chomhlánú agus athléimneacht, iomaíochas agus acmhainní intíre an Aontais féin a chosaint ag an am céanna.

27. Le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais, cuirfear chun cinn méadú ar ghlacadh agus ar chomhtháthú córais an fhuinnimh in-athnuaite atá feasach ar strus uisce agus comhshaoil, agus nascacht leictreachais. Cuirfidh sí chun cinn freisin imscaradh teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe.

28. Le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais cuirfear chun cinn forbairt margaí domhanda hidrigine atá riailbhunaithe, trédhearcach agus neamhshaofa agus bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus scéimeanna deimhniúcháin iontaofa a chur chun cinn.

29. Ag aithint di an ról ríthábhachtach atá ag éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún dlús a chur le gníomhaíochtaí le go mbeidh siad ina dtosaíocht ar an leibhéal domhanda agus féachaint an bhféadfaí tionscnamh tiomnaithe a sheoladh, ag tógáil ar na hiarrachtaí idirnáisiúnta atá ann cheana, chomh maith le comhar déthaobhach feabhsaithe.

30. Cuireann an Chomhairle chun suntais an gá atá le hinfheistíocht i bpróisis thionsclaíocha ina bhfuil an ghné chiorclach ag dul i méid agus i slabhraí luacha lena gcabhraítear leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta in earnálacha ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a laghdú. Cuireann an Chomhairle chun suntais freisin a thábhachtaí atá nuálaíocht leanúnach, go háirithe i dteicneolaíochtaí atá ríthábhachtach chun aeráidneodracht a bhaint amach, agus tacaíonn sí le comhpháirtíochtaí déthaobhacha taighde straitéiseacha agus comhar a neartú a thuilleadh trí fhóraim dhomhanda amhail Misean um Nuálaíocht, agus an Chomhdháil Aireachta um Fhuinneamh Glan. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun creataí rialála a athchóiriú, féachfaidh sé le ceannaireacht theicneolaíoch chuideachtaí an Aontais a neartú, cuirfidh sé tacaíocht ar fail le go nglacfar le caighdeáin an Aontais ar fud an domhain agus cuirfidh sé chun cinn rochtain chothrom neamhshaofa a bheith ag gnólachtaí an Aontais ar mhargaí idirnáisiúnta le haghaidh acmhainní agus teicneolaíochtaí chun iomaíochas a chothabháil agus spleáchais nua a sheachaint.

31. Measann an Chomhairle go bhfágann spleáchas ar bhreoslaí iontaise go bhfuil tíortha leochaileach ó thaobh luaineacht sa mhargadh agus riosca geopholaitiúil de agus gur gá, de bharr an aistrithe i dtreo geilleagar aeráidneodrach, deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise neamhlaghdaithe ar fud an domhain, mar atá sainithe ag IPCC, agus go mbainfidh tomhaltas breosla iontaise neamhlaghdaithe an buaicleibhéal amach sa ghearrthéarma, agus ról idirthréimhseach don ghás nádúrtha á aithint ag an am céanna. Iarrfaidh an tAontas go mbogfaí i dtreo córais fuinnimh atá saor ó bhreoslaí iontaise gan srian agus go gcuirfí an t-aistriú sin chun cinn i bhfad roimh 2050. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle an gealltanas a tugadh ag COP 26 an leabhar maidir le cumhacht ghuail neamhlaghdaithe a dhúnadh trína laghdú de réir a chéile, agus iarrann sí go ndéanfaí claochlú daingean agus cóir ar fud an domhain i dtreo na haeráidneodrachta, lena n-áirítear deireadh a chur de réir a chéile le gual neamhlaghdaithe i dtáirgeadh fuinnimh agus — mar chéad chéim — deireadh a chur láithreach a chur leis an maoiniú uile le haghaidh bonneagar guail nua i dtríú tíortha.

32. Cé go n-aithnítear an gá atá le tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do na grúpaí is leochailí, le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais déanfar céimniú amach na bhfóirdheontas do bhreoslaí iontaise atá díobhálach don chomhshaol a chur chun cinn, ar fóirdheontais iad nach gcuireann le haistriú cóir i dtreo córais fuinnimh aeráidneodracha. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh faoin tionscnamh de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le hathchóirithe ar fhóirdheontais do bhreoslaí iontaise.

33. Tá laghdú suntasach tagtha ar allmhairí foriomlána breoslaí iontaise an Aontais ón Rúis le cúpla mí anuas. Sa chomhthéacs sin, le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais tacófar le hiarrachtaí práinneacha chun slándáil fuinnimh an Aontais a threisiú agus a choimirciú agus spleáchais nua á seachaint ag an am céanna, rud atá riachtanach chun iomaíochas an Aontais a chaomhnú agus chun fuinneamh inacmhainne a áirithiú do na saoránaigh. Cé go bhfuil gá le céimeanna práinneacha sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma chun soláthairtí gáis nádúrtha a éagsúlú a thuilleadh, meabhraítear don Chomhairle, go háirithe i bhfianaise ghníomhaíocht chomhpháirteach na mBallstát maidir le coigilteas fuinnimh agus úsáid foinsí inathnuaite fuinnimh, nach bhfuil aon ghá leis an méid gáis nádúrtha de chuid na Rúise a bhí á allmhairiú roimhe seo a athsholáthar le méid coibhéiseach. Chun tacú le cuspóir an éagsúlaithe fuinnimh faoi REPowerEU, tacófar le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais le for-rochtain agus comhordú le táirgeoirí iontaofa gáis nádúrtha agus le tomhaltóirí móra agus déanfar bonneagar agus idirnaisc ábhartha agus margaí fuinnimh atá trédhearcach, riailbhunaithe, oscailte agus leachtach a chur chun cinn dá réir. Tacófar le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais le sásra comhcheannaigh an Aontais faoi Ardán Fuinnimh an Aontais, lena n-áirítear Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh, agus aird ar leith á tabhairt ar shlándáil fuinnimh agus ar athléimneacht na gcomhpháirtithe sin. Ina theannta sin, tacófar, le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais, leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag na Ballstáit a ndéantar difear dóibh chun soláthairtí breoslaí núicléacha a éagsúlú, de réir mar is iomchuí.

34. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nár cheart, le hiarrachtaí an Aontais maidir le héagsúlú breoslaí iontaise, an bonn a bhaint de spriocanna fadtéarmacha na haeráidneodrachta ar fud an domhain agus gur cheart gaibhniú breosla iontaise agus tréigean sócmhainní a sheachaint. Le hiarrachtaí éagsúlaithe, ba cheart tús áite a thabhairt d'úsáid a bhaint as an mbonneagar breoslaí iontaise atá ann cheana agus béim á leagan ar a n-acmhainneacht le haghaidh athrú cuspóra, agus ba cheart a áirithiú leis na hiarrachtaí sin go ndéanfaí gníomhaíocht chórasach chun astaíochtaí meatáin a laghdú. Meabhraítear don Chomhairle, go háirithe, an luach aeráide agus slándála fuinnimh a bhaineann le scéimeanna trádála a chuireann le gabháil an mheatáin, scéimeanna ar nós 'bailígí sibhse an gás is ceannóimidne é'. Beidh sé d'aidhm ag gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i dtaca le fuinneamh iarrachtaí maidir le héagsúlú breoslaí iontaise a nascadh le comhpháirtíochtaí fadtéarmacha maidir le haistriú fuinnimh.

35. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur gá tacú leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun an tionchar atá ag an mbonneagar breoslaí iontaise atá ann cheana ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a laghdú, lena n-áirítear carbón dubh. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas, i gcomhar leis na Stáit Aontaithe agus le comhpháirtithe eile, de ghníomhaíocht a chur chun cinn agus a fhorbairt faoin nGealltanas Domhanda maidir le Meatáin. Is díol sásaimh don Chomhairle, i ndáil leis an méid sin, gur fhorbair an Fhaireachlann Idirnáisiúnta um Astaíochtaí Meatáin an córas foláirimh agus freagartha i ndáil le meatáin. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún go dtabharfaí chun cinn an obair ar an Dearbhú Comhpháirteach ó Allmhaireoirí agus Onnmhaireoirí Fuinnimh maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa ó Bhreoslaí Iontaise a Laghdú.

36. Chun an tslándáil fuinnimh a áirithiú sna blianta amach romhainn, cuireann an Chomhairle i dtábhacht an gá atá le slabhraí soláthair domhanda na n-amhábhar inbhuanaithe atá riachtanach don aistriú fuinnimh a neartú agus a éagsúlú agus tá sí ag tnúth leis an togra ón gCoimisiún maidir le Gníomh um Amhábhair Chriticiúla, agus na gnéithe geopholaitiúla a bhaineann leis, á gcur san áireamh go hiomlán.

37. Le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais leanfar de na caighdeáin is airde ó thaobh na sábháilteachta núicléiche, an chomhshaoil agus na trédhearcachta de a chur chun cinn ar bhonn réigiúnach, i ngarchomharsanacht theorainneacha an Aontais, agus ar fud an domhain agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt dóibh.

38. Meabhraítear don Chomhairle a phráinní atá sé déileáil le bochtaineacht fuinnimh agus rochtain uilíoch ar fhuinneamh a bhaint amach i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 7 ag baint leas as samhlacha airgeadais agus teicneolaíochtaí nuálacha agus béim ar leith á leagan ar leictriú na tuaithe, lena n-áirítear córais fuinnimh dhíláraithe, agus dúshlán na cócaireachta glaine. Tá an Chomhairle ag súil leis an athbhreithniú ar SDG7 ag Fóram Ardleibhéil Polaitíochta 2023 agus ag an dara Cruinniú Mullaigh SDG.

39. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur gá ollstruchtúr iltaobhach éifeachtach agus sásraí rialachais a áirithiú lena spreagfar aistriú fuinnimh domhanda a bheidh cuimsitheach agus cóir i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus meabhraítear di ráitis a bhí ann roimhe seo chun tacú leis na hathchóirithe leanúnacha agus ag an am ceanna ilroinnt na dtionscnamh a theorannú.

40. Aithníonn an Chomhairle go mbeidh tionchar nach beag ar shochaithe, ar gheilleagair agus ar gheopholaitíocht an domhain ag an aistriú fuinnimh i dtreo na haeráidneodrachta, ach é a bheith á shaothrú ar an luas is gá. Le beartas eachtrach an Aontais, leanfar den chumas fadbhreathnaitheachta a neartú chun dúshláin nua slándála agus geopholaitiúla a réamh-mheas agus beifear ag obair, sa chomhthéacs sin, le comhpháirtithe ó thríú tíortha agus le tionscnaimh agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, ar nós IRENA agus ECFE, de réir mar is iomchuí.

41. Leanfaidh an Chomhairle, in éineacht leis an Ardionadaí agus leis an gCoimisiún, de bhealaí comhair atá ann cheana a neartú agus leanfaidh siad de bhealaí nua comhair a thionscnamh le tíortha comhpháirtíochta, leis an tsochaí shibhialta agus le tionscnaimh na hóige agus na mban, arb é is aidhm dóibh gníomhaíocht ar son na haeráide a mhéadú ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus fonáisiúnta, agus béim á leagan ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta agus ar chur chuige na Náisiún Aontaithe 'gan aon duine a fhágáil ar lár'. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle na Conclúidí uaithi ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 maidir lena thábhachtaí atá sé cearta an duine, an ceart chun sláinte, an ceart chun comhshaoil ghlan shláintiúil inbhuanaithe, cearta na bpobal dúchasach mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, cearta na bpobal áitiúil, na n-imirceach, leanaí, daoine faoi mhíchumas agus daoine atá i staideanna leochaileacha a urramú agus a chur chun cinn, chomh maith le comhionannas inscne agus teachtadh iomlán chearta uile an duine ag mná agus cailíní agus a gcumhachtú agus iad ag gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

42. Tá an Chomhairle tiomanta cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus atá freagrúil ó thaobh inscne de a chur chun cinn maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide mar aon le ceartas sóisialta, cothroime agus cuimsitheacht san aistriú domhanda i dtreo na haeráidneodrachta, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas iomlán, comhionann agus fóinteach na mban i gcinnteoireacht a bhaineann leis an aeráid a chur chun cinn agus ár n-oibleagáidí maidir le cearta an duine a chomhlíonadh go hiomlán agus gníomhaíocht á déanamh aici chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le rannpháirteachas fóinteach na hóige agus na leanaí i bpróisis chinnteoireachta a bhaineann leis an athrú aeráide agus leanfaidh sé de bheith ag tacú le hoideachas aeráide agus le hardú fheasacht an phobail i dtaobh an athraithe aeráide. Is díol sásaimh don Chomhairle go n-aithníonn Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe gur ceart daonna é an ceart chun comhshaoil ghlan shláintiúil inbhuanaithe. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach sa phlé chun an ceart sin a thabhairt ar aghaidh agus cuirfidh sé an cuimsiú agus an neamh-idirdhealú chun cinn. Aithníonn an Chomhairle rannchuidiú chosantóirí chearta an duine a mhéid a bhaineann leis an gcomhshaol, a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar bhagairtí agus ionsaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.

43. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit uile go neartófaí Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh an Aontais mar thosaíocht pholaitiúil, trí níos mó den chomhordú, trí mhalartú faisnéise agus trí neartú a dhéanamh ar Thoscaireachtaí an Aontais agus ar ambasáidí na mBallstát, agus ar líonraí agus Meithleacha ábhartha de chuid an Aontais agus ar líonraí agus meithleacha ábhartha idirnáisiúnta. Molann an Chomhairle misin for-rochtana aeráide agus tionscnaimh réigiúnacha an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear misin agus tionscnaimh chomhpháirteacha, go háirithe roimh COP 28 agus an Athbhreithniú Domhanda. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht an gá atá le comhordú méadaithe chun freagairt ar fheachtais mhífhaisnéise agus bhréagaisnéise arb é is aidhm dóibh míchlú a tharraingt ar ghníomhaíochtaí an Aontais. Déanfaidh an Chomhairle obair leantach go rialta ar an obair chomhpháirteach chun tionchar taidhleoireachta an Aontais ar an aeráid agus ar fhuinneamh a chomhordú agus a fheabhsú, agus iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún cur lena n-acmhainneacht thiomnaithe do Thaidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh an Aontais.

44. Gabhann an tAontas agus na Ballstáit buíochas le Rialtas na hÉigipte as COP27 a óstáil in Sharm El-Sheikh agus tá siad ag tnúth le bheith ag obair le hUachtaránacht nua Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar COP28 agus leis na comhpháirtithe uile le go mbeidh toradh rathúil uaillmhianach ar COP28.